



2024/2183

3.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2183 ÓN gCOIMISIÚN
an 2 Meán Fómair 2024

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011, (AE) 2016/899, (AE) 2017/440, (AE) 2017/896, (AE) 2020/164, (AE) 2020/166, (AE) 2021/2051, (AE) 2021/2096, (AE) 2023/1167, (AE) 2023/1703 agus (AE) 2023/1713 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh breiseáin bheathaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ullmhóid d'ion- 1,4-béite-xiolanáis, *subtilisin* agus aimileáis alfa, 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (ATCC SD-6528), ullmhóid de *Bacillus amyloliquefaciens* (PTA-6507), *Bacillus amyloliquefaciens* (NRRL B-50013) agus *Bacillus amyloliquefaciens* (NRRL B-50104), ullmhóid de 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (ATCC SD-6528), 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Schizosaccharomyces pombe* (ATCC 5233), ullmhóid de *Bacillus velezensis* PTA-6507, *Bacillus velezensis* NRRL B-50013 agus *Bacillus velezensis* NRRL B-50104, ion- 1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143953, ullmhóid de 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 146250, ullmhóid d'ion- 1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143953 agus ion- 1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143945, ullmhóid d'ion- 1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* ATCC PTA-5588, próitéáis arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* CBS 148232 agus aimileáis alfa arna táirgeadh ag *Bacillus licheniformis* ATCC SD-6525, údaráíodh iad mar bhreiseáin bheathaithe ('na breiseáin bheathaithe lena mbaineann') le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011 ⁽²⁾, (AE) 2016/899 ⁽³⁾, (AE) 2017/440 ⁽⁴⁾, (AE) 2017/896 ⁽⁵⁾,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2011 maidir le hullmhóid einsíme d'ion- 1,4-béite-xiolanáis, *subtilisin* agus aimileáis alfa a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh béaróg (sealbhóir an údaraithe Danisco Animal Nutrition) (IO L 104, 20.4.2011, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/389/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/899 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2016 maidir le 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (ATCC SD-6528) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis agus gach speicis mhucúil (seachas bainbh diúil) (sealbhóir an údaraithe Danisco (UK) Ltd) (IO L 152, 9.6.2016, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/899/oj).

⁽⁴⁾ 4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/440 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 maidir leis an ullmhóid de *Bacillus amyloliquefaciens* (PTA-6507), *Bacillus amyloliquefaciens* (NRRL B-50013) agus *Bacillus amyloliquefaciens* (NRRL B-50104) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaraithe Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition) (IO L 67, 14.3.2017, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/440/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/896 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2017 maidir le ullmhóid arb é atá inti 6-fiotáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* (ATCC SD-6528) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis agus gach speicis mhucúil (seachas bainbh diúil) (sealbhóir an údaraithe Danisco (UK) Ltd) (IO L 138, 25.5.2017, lch. 123, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/896/oj).

(AE) 2020/164 ⁽⁶⁾, (AE) 2020/166 ⁽⁷⁾, (AE) 2021/2051 ⁽⁸⁾, (AE) 2021/2096 ⁽⁹⁾, (AE) 2023/1167 ⁽¹⁰⁾, (AE) 2023/1703 ⁽¹¹⁾, agus (AE) 2023/1713 ón gCoimisiún ⁽¹²⁾, faoi seach.

- (2) Sealbhóir na n-údaruithe le haghaidh na mbreiseán beathaithe lena mbaineann, Danisco (UK) Ltd (ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition freisin), chuir sé iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 lena moladh ainm shealbhoir na n-údaruithe le haghaidh na mbreiseán beathaithe lena mbaineann a athrú go Genencor International B.V.
- (3) Is athrú de chineál riaracháin amháin é an t-athrú sin atá beartaithe i dtéarmaí na n-údaruithe agus ní dhéanfar measúnú nua ar na breiseáin lena mbaineann. Cuireadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar an eolas faoin iarratas.
- (4) Chun ligean do Genencor International B.V. a chearta margaíochta a shaothrú, is gá téarmaí na n-údaruithe lena mbaineann a athrú.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011, (AE) 2016/899, (AE) 2017/440, (AE) 2017/896, (AE) 2020/164, (AE) 2020/166, (AE) 2021/2051, (AE) 2021/2096, (AE) 2023/1167, (AE) 2023/1703 agus (AE) 2023/1713 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.
- (6) Ós rud é nach bhfuil gá leis na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú ina bhféadfar stoic atá ann cheana a ídiú.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe,

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/164 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 maidir le 6-fiótáis arna táirgeadh ag *Schizosaccharomyces pombe* (ATCC 5233) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanúil agus gach speicis mhucra agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 379/2009 (sealbhoir an údaraithe Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.) (IO L 34, 6.2.2020, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/164/oj).

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/166 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 maidir le hathnuachan a dhéanamh ar údarú 6-fiótáise arna táirgeadh ag *Schizosaccharomyces pombe* (ATCC 5233) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, béaróg, turcailthe lena ramhrú, lachan lena ramhrú, bainbh scoite, muca lena ramhrú agus cránacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 785/2007 (sealbhoir an údaraithe Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.) (IO L 34, 6.2.2020, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/166/oj).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2051 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 maidir le hullmhóid de *Bacillus velezensis* PTA-6507, *Bacillus velezensis* NRRL B-50013 agus *Bacillus velezensis* NRRL B-50104 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcailthe lena ramhrú (sealbhoir an údaraithe: Danisco Animal Nutrition arna ionadú ag Genencor International B.V.) (IO L 420, 25.11.2021, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2051/oj).

⁽⁹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2096 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2021 maidir le hion-1,4-béite-xiolanáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143953 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas éanlaithe clóis, muca lena ramhrú, banbh agus gach mionspeiceas mucúil (sealbhoir an údaraithe: Danisco (UK) Ltd, arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.) (IO L 427, 30.11.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2096/oj).

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1167 ón gCoimisiún an 15 Meitheamh 2023 maidir le hullmhóid de 6-fiótáis arna táirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 146250 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speiceas éanlaithe clóis agus gach muc (sealbhoir an údaraithe: Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.) (IO L 155, 16.6.2023, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1167/oj).

⁽¹¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1703 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2023 maidir le hathnuachan an údaraithe d'ullmhóid ion-1,4-béite-xiolanáise arna tháirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143953 agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáise arna tháirgeadh ag *Trichoderma reesei* CBS 143945 mar bhreiseán beatha le haghaidh speicis éanlaithe clóis, bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha atá ag tál agus mionspeicis mhucúla (bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha atá ag tál), údarú na hullmhóide sin le haghaidh bainbh diúil agus mionspeicis mhucúla (bainbh diúil) (sealbhoir an údaraithe: Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 337/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/997 (IO L 221, 8.9.2023, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1703/oj).

⁽¹²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1713 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2023 maidir le húdarú ullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis arna tháirgeadh ag *Trichoderma reesei* ATCC PTA-5588, próitéais arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* CBS 148232 agus aimleáis alfa arna táirgeadh ag *Bacillus licheniformis* ATCC SD-6525 le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis (sealbhoir an údaraithe: Danisco (UK) Ltd arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.) (IO L 221, 8.9.2023, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1713/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 389/2011 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/899

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/899 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/899, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/440

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/440 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/440, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/896

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/896 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/896, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 5***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/164**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/164 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/164, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 6***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/166**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/166 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/166, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 7***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2051**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2051 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco Animal Nutrition arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2051, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco Animal Nutrition arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 8***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2096**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2096 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2096, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 9***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1167**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1167 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1167, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 10***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1703**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1703 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1703, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd, ag trádáil mar Danisco Animal Nutrition agus arna ionadú ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 11***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1713**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1713 mar a leanas:

- (1) sa teideal, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.’;
- (2) sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1713, cuirtear na focail ‘Genencor International B.V.’ in ionad na bhfocal ‘Danisco (UK) Ltd., arna ionadú san Aontas ag Genencor International B.V.’.

*Airteagal 12***Beart idirthréimhseach**

Na breiseáin bheatha lena mbaineann, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an dáta sin, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN